## Suaitheantais Dhigiteacha Choose Safety

Tá sampla de na suaitheantais atá ar fáil thíos:

**Choose Safety (Máistir)**

Bronntar an Suaitheantas **Choose Safety (Máistir)** ar an múinteoir ar thosú an Chláir sa scoil.

**Choose Safety (Printíseach)**

Bronnfaidh an múinteoir an suaitheantas **Choose Safety (Printíseach)** ar gach dalta a thugann faoin gClár ag tús an chúrsa, ar thosú an chláir sa scoil.

**Aonad 1 – Ionduchtúchán**

Bronntar an suaitheantas **Ionduchtúchán** ar chur i gcrích rathúil Aonad 1, Tosú amach ag obair. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- breac-chuntas a thabhairt ar na forálacha is tábhachtaí den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- cur síos a dhéanamh ar an leas a bhaineann le hoiliúint ionduchtúcháin
- breac-chuntas a thabhairt ar phríomhfhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

**Aonad 2 – Guaiseacha san ionad oibre**

Bronntar an suaitheantas **Guaiseacha san ionad oibre** ar chur i gcrích rathúil Aonad 2, Guaiseacha san ionad oibre. Ba cheart go mbeadh an faighteoir in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- guaiseacha a aithint agus a aicmiú agus sainmhíniú a thabhairt ar mheasúnú riosca
- breac-chuntas a thabhairt ar na guaiseacha agus na rialuithe seo a leanas; láimhsiú agus eirgeanamaíocht, sciorrthaí, tuislí agus titimí, dóiteán agus garchabhair
- breac-chuntas a thabhairt ar bhunphrionsabail na heirgeanamaíochta agus an ardaithe shábháilte

**Críochnú Chúrsa 'Get Safe – Work Safe' ar Líne**

Bronntar an suaitheantas **ríomhfhoghlama** ar dhaltaí a n-éiríonn leo cúrsa ar líne an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 'Get Safe – Work Safe' a chur i gcrích.

**Cur i gCrích Taithí Oibre Choose Safety**

Bronntar an suaitheantas **Taithí Oibre** ar chur i gcrích rathúil taithí oibre.

**Má tá suim agat i gClár Choose Safety agus sna Dámhachtainí Suaitheantas Digiteach nua, déan teagmháil le hIonad Oideachais Chill Chainnigh ar 056-7760202 nó seol d'iarratais ar ríomhphost chuig choosesafety@eckilkenny.ie** De rogha air sin, déan teagmháil le do Chomhordaitheoir áitiúil Choose Safety ag:

# CHOOSE SAFETY

CHOOSE SAFETY

**DÁMHACHTAINÍ SUAITHEANTAIS DHIGITIGH AR LÍNE**









**Féach www.hsa.ie/education**

Prionsabail **na sábháilteachta agus na sláinte san ionad oibre** a chur in iúl do dhaltaí na Sraithe Sinsearaí agus daltaí Breisoideachais

HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# CHOOSE SAFETY

## Is clár **SAOR IN AISCE** é an **Clár Choose Safety** a chuirtear ar fáil d'iar-bhunscoileanna agus do choláistí Breisoideachais.

Tugann sé túseolas do dhaltaí na Sraithe Sinsearaí in iar-bhunscoileanna agus do dhaltaí i mBreisoideachas maidir le prionsabail na sábháilteachta agus na sláinte san ionad oibre.

Daoine óga idir 15–19 mbliana d'aois is mó a bhíonn i mbaol timpiste nó gortaithe san ionad oibre. Ta an clár seo ceaptha chun iad a ullmhú do shaol na hoibre agus/nó do thaithí oibre.

- Dírithe ar dhaltaí san Idirbhliain, daltaí a dhéanann staidéar ar an ATF, ar GCAT, agus ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireacht/Breisoideachais agus tá naisc ábhartha aige le réimse ábhar ardteistiméireachta, m. sh. Eolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Teicneolaíochtaí, Ealaín, Gnó, Eolaíocht Talmhaíochta, Corpoideachas.
- Cuirtear acmhainní SAOR IN AISCE ar fáil (pacáistí do mhúinteoirí agus leabhair oibre do dhaltaí ar ardchaighdeán do gach scoil a ghlacann páirt)
- Ullmhúchán cuimsitheach do dhaltaí a bheidh ag tabhairt faoi thaithí oibre nó socrúchán oibre
- Clár neamhspleách 'Get-Safe, Work Safe', gearrchúrsa ar líne 45 nóiméad atá ar fáil ar https://hsalearning.ie ar féidir le daltaí tabhairt faoi ar a gcaoithiúlacht
- Comhordaitheoirí áitiúla Choose Safety i ngach ceann de na 21 ceantar Ionaid Oideachais Lánaimseartha mar chabhair agus mar thacaíocht
- Bronntar Teastais Chríochnaithe agus/nó Suaitheantais Dhigiteacha Ar Líne

hsalearning.ie HSA Online Courses

Féach ar níos mó ar **hsa.ie/education** agus féach ar **hsalearning.ie** le haghaidh Suaitheantais Dhigiteacha agus cúrsaí ríomhfhoghlama do mhúinteoirí agus do dhaltaí.

# CHOOSE SAFETY SUAITHEANTAIS DHIGITEACHA


**DÁMHACHTAINÍ SUAITHEANTAIS DHIGITIGH AR LÍNE**

Is siombail nó táscaire ar líne é Suaitheantas Digiteach ar ghnóthachtáil, scil, inniúlacht nó suim. Féadfar an suaitheantas a thaispeáint ar CV ar líne ar líne nó ar shuíomh líonraithe sóisialta agus nuair a chliceáiltear air, téann sé go díreach go gnóthachtálacha an fhoghlaimeora.

Is bealach nuálach iad chun creidmheasanna a bhronnadh ar dhaltaí as foghlaim ar bhonn céim ar chéim.

Bronnann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) Suaitheantais Dhigiteacha ar dhaltaí in iar-bhunscoileanna agus ar dhaltaí a fhreastalaíonn ar Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus coláistí Breisoideachais i bPoblacht na hÉireann a ghlacann páirt i gClár Choose Safety an ÚSS. Féadfar suaitheantais a ghnóthú as gach modúl Choose Safety a chuirtear i gcrích chomh maith leis na ceithre chlár iomlána Choose Safety a chuirtear ar fáil. Níl le déanamh ach go gcláródh múinteoirí a gcuid daltaí le haghaidh Suaitheantais Dhigiteacha ar thairseach ríomhfhoghlama an ÚSS ag https://hsalearning.ie agus seolfaí suaitheantais caol díreach go seoltaí ríomhphoist na ndaltaí.

Cláraigh le haghaidh Suaitheantais Dhigiteacha ag hsalearning.ie



Féach ar na Suaitheantais Dhigiteacha uile atá ar fáil ar **hsalearning.ie**, agus chliceáil ar an roghchlár anuas, Suaitheantais Dhigiteacha.




**Aimsigh muid ar Facebook**
www.facebook.com/ChooseSafety

CHOOSE SAFETY